

IN AINM DÉ IS NA MAIGDINNE MUIRE.

In ainm Dé is na Maigdinne Muire a deireas iasgaire nuair a chaitheann sé amach an dorugha.

Bhí iasgairí ag iarraidh trosg la agus bhí siad dhá marbh uiliug ach aon fear amháin a bhí sa mbád. Nuair a bhí sé cinnte air troisg ar bith a mharbú dubhairt sé go raibh sé ag caitheamh an dorugha amach i gcaitheamh an lae in ainm Dé agus na Maigdine Muire agus ó bámlaigh a bhí sé cinnte air go caithfeadh sé amach anois é i n-ainm Deamhain is an Deabhail. Chaith sé amach an dorugha i ainm a Deamhain is an Deabhail agus bhuail sé breac.

Nuair a tharraing sé isteach é ní fhéadfadh rud ar bith a bheith ba duibhe ná é. Ní raibh drioball nó ceann air. Chuir an t-iasg sganradh ar an bhfear agus chaith sé amach é. Níor chuimnigh sé ar an mbuachaill mór ní ba mó.

10/7/30